Eolas do thuismitheoirí

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Tuairisc scoile do pháiste

Eolas do thuismitheoirí

Ag deireadh na scoilbhliana gheobhaidh tú tuairisc scríofa ón scoil ina bhfuil do pháiste. Beidh eolas sa tuairisc ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil do pháiste ar scoil i gceithre phríomhréimse. Is iad na réimsí sin ná:

A.	do pháiste mar fhoghlaimeoir	**B.**	forás sóisialta agus pearsanta do pháiste
C.	mar a fhoghlaimíonn do pháiste i ngach gné den churaclam	**D.**	do phríomhról mar thuismitheoir i dtacú le foghlaim do pháiste.

Míníonn an tábla thíos cuid de na téarmaí i dtuairisc do pháiste.

Gnéithe den tuairisc	Féadfaidh na rudaí seo a leanas a bheith sa tuairisc
do pháiste mar fhoghlaimeoir	• mar a thaitníonn an fhoghlaim ar scoil le do pháiste • mar a oibríonn do pháiste le páistí eile nó ina (h)aonar • mar a choinníonn do pháiste leis an obair, fiú nuair a bhíonn sé deacair • cé chomh cúramach is a oibríonn do pháiste ar scoil nó sa bhaile
forás sóisialta agus pearsanta do pháiste	• má tá cuma shona ar do pháiste ar scoil • an chaoi a iompraíonn sí/sé í/é féin • an chaoi a réitíonn sí/sé le páistí eile sa seomra ranga agus sa chlós
foghlaim do pháiste trasna an churaclaim	• mar atá ag éirí le do pháiste sa Bhéarla, sa Mhatamaitic, sa Ghaeilge agus in ábhair eile • cé acu an dteastaíonn beagán cabhrach nó mórán cabhrach uaithi/uaidh le hobair scoile • cé acu an dteastaíonn beagán cabhrach nó mórán cabhrach uaithi/uaidh le hobair bhaile Is féidir leat féachaint ar DVD faoi fhoghlaim pháistí sna bunscoileanna ar www.ncca.ie
tusa agus foghlaim do pháiste	• mar a d'fhéadfá cabhrú le do pháiste a bheith níos fearr ar scoil • faoin gcaoi a d'fhéadfá cabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile Chun bileog eolais a fháil ar conas is féidir leat cabhrú le foghlaim do pháiste, féach ar laithreán gréasáin na CNCM ag www.ncca.ie
torthaí trialacha caighdeánaithe	• toradh trialach caighdeánaithe, a bheidh i bhfoirm uimhreach *Beidh ar scoileanna toradh na trialach caighdeánaithe a chur ar fáil duit nuair atá do pháiste i rang 2, rang 4 agus rang 6.* • Ba chóir do mhúinteoir do pháiste bileog a sholáthar duit a mhíneoidh tástáil chaighdeánaithe agus triailscóir duit. Chun bileog eolais faoi thrialacha caighdeánaithe do thuismitheoirí a fháil, féach ar laithreán gréasáin na CNCM ag www.ncca.ie
nótaí trachta	• spás inar féidir le múinteoir do pháiste nóta tráchta pearsanta a scríobh • d'fhéadfaí nóta tráchta a bheith ann duit mar gheall ar ghné éigin sa tuairisc, nó ina luann sí/sé rud éigin ar mhaith léi/leis a phlé leat. • d'fhéadfadh an múinteoir an spás seo a úsáid chun aird a tharraingt ar ghnóthachtáil nó tréith éigin i do pháiste nó chun do pháiste a mholadh.